



General Certificate of Secondary Education
2025

Uimhir Lárionaid

--	--	--	--	--

Uimhir Iarrthóra

--	--	--	--

Cúram Sláinte agus Sóisialta

Aonad 1
Forbairt Phearsanta,
Sláinte agus Folláine

MV24

[GHL11]

DÉ CÉADAOIN 14 BEALTAINE, IARNÓIN

Am

1 uair 30 nóiméad, agus an t-am breise atá ceadaithe duit.

Treoir d'Iarrthóirí

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.

Ná scríobh ar leathanaigh bhána.

Comhlánaigh le dúch dubh amháin.

Ná scríobh le peann glóthaí.

Freagair **gach** ceist.

Eolas d'Iarrthóirí

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo. Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ag deireadh gach ceiste na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist. Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **2(a)(ii)**, **3(b)** and **3(c)(iii)**.

Leathanach Bán

**(Tosaíonn ceisteanna ar an chéad
leathanach eile)**

1 Tá Jack 12 bhliain d'aois agus tá sé ina chónaí lena mháthair agus lena sheanmháthair.

(a) (i) Tá Jack i gcéim beatha na hógántachta, is é sin ó 11 bhliain go dtí _____. [1 mharc]

(ii) Mínigh **trí** dhóigh a bhforbródh Jack go fisiciúil, dar leat, le linn na céime beatha ina bhfuil sé faoi láthair. [2 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

3. _____

(iii) Mí­nigh an dóigh a mbeadh tionchar dearfach ag na tosca seo a leanas ar fhéinchoincheap Jack.

[2 mharc do gach ceann]

Oideachas

Cuma

(iv) Liostaigh dhá thoisc eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhéinchoincheap duine.

[1 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

(b) Tá oistéapóróis ar Kate agus tá cúram agus tacaíocht de dhíth uirthi. Bhog sí óna teach féin ar na mallaibh le dul a chónaí lena hiníon Lucy, duine a chuideoidh le haire a thabhairt di.

(i) Bain úsáid as na ceannteidil thíos le cur síos ar an dóigh a bhféadfadh an oistéapóróis tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine duine.
[3 mharc do gach ceann]

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine fhisiciúil

Tionchar ar shláinte agus ar fholláine mhothúchánach

(ii) Le cuidiú le Kate déileáil le cúrsaí, faigheann sí cineálacha difriúla tacaíochta ón ospidéal áitiúil, rud atá ina chuid den earnáil reachtúil.

Bain úsáid as na ceannteidil thíos le míniú a thabhairt ar an tacaíocht a d'fhéadfaí a thabhairt do Kate.

[2 mharc do gach ceann]

Tacaíocht mhothúchánach

Comhairle agus faisnéis

Cúram leighis

(c) D'éirigh Lucy as a post le haire a thabhairt do Kate.

Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh glacadh le ról cúraim tionchar a imirt ar fhorbairt Lucy.

[3 mharc do gach ceann]

Tionchar ar fhorbairt mhothúchánach Lucy

Tionchar ar fhorbairt shóisialta Lucy

2 Tá Tom agus Megan beirt 28 bliain d'aois agus tá páiste amháin acu, Simon, atá dhá bhliain d'aois.

(a) (i) Tá Simon i gcéim beatha na naíonachta, is é sin ó 0 go dtí _____ bliain. [1 mharc]

(ii) Déan anailís ar na patrúin a mbeifí ag dúil leo maidir le forbairt agus fás intleachtúil agus sóisialta le linn na naíonachta. [9 marc]

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa agat sa cheist seo.

(b) (i) Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh féiniúlacht inscne tionchar a imirt ar fhéinchoincheap Megan. [3 mharc]

(ii) Baineann Megan sult as bheith ag cócaireacht agus déanann sí iarracht a chinntiú go n-itheann an teaghlach aiste bia shláintiúil.

Mínigh **trí** dhóigh a bhféadfadh tionchar a bheith ag aiste bia shláintiúil a ithe ar shláinte agus ar fholláine fhisiciúil duine.

[2 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

3. _____

(c) Is sampla í an aiste bia de thoisc iompraíochta a imríonn tionchar ar shláinte agus ar fholláine.

Liostaigh **dhá** thoisc iompraíochta eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine duine.

[1 mharc do gach ceann]

1. _____

2. _____

(d) (i) Oibríonn Tom mar thógálaí.

Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh fostaíocht tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine mhothúchánach Tom.
[3 mharc]

(ii) Tá sé beartaithe ag Tom agus a theaghlach dul ar imirce go dtí an Astráil, áit a bhfuil deiseanna fostaíochta níos fearr ann.

Déan measúnú ar an dóigh a bhféadfadh sé tionchar a imirt ar fhorbairt intleachtúil Tom dul ar imirce go dtí an Astráil. [3 mharc]

(iii) Is mór an t-athrú saoil é dul ar imirce agus tá muintireacha Tom agus Megan ag tacú leo trí chuidiú praiticiúil a chur ar fáil dóibh.

Cuir síos ar an chuidiú phraiticiúil a d'fhéadfadh muintireacha Tom agus Megan a thairiscint dóibh le cuidiú leo déileáil leis an athrú saoil sin.

[3 mharc]

(e) (i) Tá Tom agus Megan i gcéim beatha na luath-aosachta, is é sin ó

19 mbliana go dtí _____.

[1 mharc]

(ii) Bain úsáid as na ceannteidil thíos le cur síos ar na patrúin a mbeifí ag dúil leo maidir le forbairt le linn na céime beatha sin.

[3 mharc do gach ceann]

Forbairt fhisiceach

Forbairt intleachtúil

3 Tá Ivan agus Anna ina gcónaí le chéile le 10 mbliana. Tá beirt pháistí acu, Diana atá sé bliana d'aois agus Marko atá 10 mbliana d'aois. Baineann Anna mí-úsáid as alcól agus éiríonn sí foréigneach agus ionsaitheach le Ivan in amanna.

(a) Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh mí-úsáid alcóil tionchar a imirt ar shláinte agus ar fholláine shóisialta duine.

[3 mharc]

(c) (i) Comhlánaigh an tábla thíos leis na cineálacha caidrimh atá ag Anna a shainaithint. [2 mharc]

Caidreamh Anna le	Cineál caidrimh
Diana	
Ivan	

(ii) Tá diostróife mhatánach Duchenne ar Marko.

Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh sé sin tionchar a imirt ar a shláinte agus ar a fholláine fhisiciúil. [3 mharc]

Seo deireadh an scrúdpháipéir

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	

Marc Iomlán	
--------------------	--

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.